# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007

# EOLAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL

**[N.B. Ní d'Iarrthóirí Eolaíochta – Staidéar Áitiúil é seo]**

**DÉARDAOIN, 14 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go 12.00**

**TREORACHA**

1. Scríobh do **scrúduimhir** sa bhosca atá ann di sa leathanach seo.
2. Freagair **ROINN A**.
3. Freagair **TRÍ ROINN AR BITH** as na **RANNA B**, **C**, **D**, **E**.
4. Freagair **gach ceist** sna spásanna atá ann dóibh. Má tá spás breise uait, tá leathanaigh curtha ar fáil ar chúl an leabhráin seo.

**Uimhir an Ionaid**

**Scrúduimhir**

**Don scrúdaitheoir amháin**

| | |
|---|---|
| 1. Suim na n-iomlán ag bun na leathanach | |
| 2. Suim chomhiomlán aon cheist(eanna) nár ceadaíodh | |
| 3. Marcanna iomlána tugtha (1 lúide 2) | |
| 4. Bónas do fhreagairt trí Ghaeilge (más cuí) | |
| 5. Iomlán na marcanna tugtha má tá bónas don Ghaeilge (3 móide 4) | |

**Don scrúdaitheoir amháin**

| CEIST | | MARC |
|---|---|---|
| Roinn A | C.1 | |
| Roinn B | C.2 | |
| | C.3 | |
| | C.4 | |
| Roinn C | C.5 | |
| | C.6 | |
| | C.7 | |
| Roinn D | C.8 | |
| | C.9 | |
| | C.10 | |
| Roinn E | C.11 | |
| | C.12 | |
| | C.13 | |
| | C.14 | |
| | C.15 | |
| | C.16 | |
| FO-IOMLÁN | | |
| BÓNAS | | |
| IOMLÁN | | |
| GRÁD | | |



**ROINN A – CROÍCHÚRSA (144 MARC)**

**Freagair 12 chuid ar bith (a), (b), (c), etc. as an Roinn seo.**

**Ceist 1**

(a) **Ainmnigh** na píosaí trealaimh seo a leanas.



**AINM** _______________ _______________ _______________ _______________


(b) **Comhlánaigh** an tábla thíos agus ainmnigh an **gléas** agus an **t-aonad tomhais** i ngach cás.

| **Gníomh a rinne an mac léinn** | **Gléas** | **Aonad tomhais** |
|---|---|---|
| Mais cloiche a thomhas | | |
| Fad líne chuartha a thomhas | | |

(c) Sa léaráid taispeántar an taobh istigh de **phlocóid trí phionna**.

**Ainmnigh ábhar** a úsáidtear chun an clúdach do phlocóid trí phionna a dhéanamh.

_________________________



Cén **dath** atá ar chlúdach (insliú) na sreinge **neodraí**?

_________________________

Cé acu sreang, **neodrach**, **beo nó talmhú**, ar chóir an fiús a cheangal léi?

_________________________

Cén fheidhm atá ag **fiús** i bplocóid?

_________________________

(d) Bain úsáid as an bhfocal cuí ón liosta ar dheis i ngach cás chun na habairtí seo a leanas a chomhlánú.

| |
|---|
| SEOLADH |
| INSLIÚ |
| RADAÍOCHT |
| COMHIOMPAR |

Taistealaíonn teas ón **ngrian go dtí an Domhan** le___________________.

Taistealaíonn teas trí **shlat iarainn** le ______________________.

Taistealaíonn teas trí **leachtanna** le ______________________.

Bíonn **seaicéid fhálaithe** ar choirí le haghaidh ____________________ teasa.

(e) Sa léaráid taispeántar fleascán uisce dhaite agus é á théamh go réidh.



Cén tionchar a bhíonn ag an teas seo ar **thoirt an uisce** sa fhleascán? ____________________________________

**Cad a tharlaíonn** chun a thaispeáint go bhfuil an tionchar seo ag an teas?

_______________________________________________

Cad a tharlaíonn do leibhéal an uisce san fheadán de réir mar a **fhuaraíonn** an fleascán? _________________________________

Ainmnigh **gléas** a oibríonn de réir an phrionsabail seo.

______________________________

(f) Roghnaigh **dhá** dhúil ón tábla ar dheis atá ina **miotail**.

| |
|---|
| CARBÓN |
| COPAR |
| NÍTRIGIN |
| AIRGEAD |


1 _______________________ 2 _________________________

Roghnaigh dúil ón tábla a fhaightear san **aer**.

_________________________

Roghnaigh dúil ón tábla a fhaightear i gcainníochtaí móra **i mbreoslaí iontaise**. _________________________

(g) Rinneadh **meascán** d'ithir agus d'uisce a dheighilt trí úsáid a bhaint as an modh a thaispeántar sa léaráid.




**Ainmnigh** an modh deighilte seo. ____________________________

**Cad** a chuirfeá sa phíosa trealaimh a bhfuil an lipéad **A air** chun cabhrú le deighilt na hithreach agus an uisce?

________________________________

Cé acu **substaint** a gheofar san eascra ag deireadh an turgnaimh?

________________________________

**Cén fáth** nach bhfuil an modh seo oiriúnach chun alcól agus uisce a dheighilt?

__________________________________________________________

(h) Comhlánaigh an tábla thíos agus sainaithin gach ceann de na hathruithe sa liosta mar **athrú fisiceach** nó **athrú ceimiceach**.

**Gual á dhó** **Oighear á leá** **Salann á thuaslagadh in uisce** **Ubh á fhriochadh**

| Athrú Fisiceach | Athrú Ceimiceach |
|---|---|
| | |
| | |

(i) Sa léaráid taispeántar turgnamh a cuireadh ar bun chun **meirgiú iarainn** a fhiosrú.

Cé acu promhadán **A** nó **B** a mbeifeá ag súil leis go dtiocfadh meirg ar na tairní ann?

______________________

Tabhair **cúis** le do fhreagra.


______________________________________________

Cén fáth ar cuireadh **ciseal ola** ar bharr an uisce fhiuchta?

______________________________________________

Tabhair **modh** amháin chun meirgiú iarainn a chosc.

______________________________________________




(j) Sa léaráid taispeántar an gaireas a úsáidtear chun gás **dé-ocsaíd charbóin** a ullmhú agus a bhailiú sa tsaotharlann. Imoibríonn solad **A** le leacht **B**.

**Ainmnigh** an solad **A**. ____________________


**Ainmnigh** an leacht **B**. ____________________

Tabhair gnáthúsáid laethúil **amháin** a bhaintear as gás dé-ocsaíd charbóin.

__________________________________________________

Cén **dath** a thagann ar aoluisce má chuirtear dé-ocsaíd charbóin

ag boilgearnach tríd? __________________________________________




(k) I ngach cás roghnaigh **orgán** nó **cuid den chorp** ón liosta ar dheis,

a tháirgeann fual ________________________

a bhraitheann solas ________________________

a dhéanann cealla speirme daonna ________________________

a dhéanann an corp a iompar ________________________

| |
|---|
| **UIRÍOCHA** |
| **DUÁN** |
| **CNÁMHARLACH** |
| **SÚIL** |

(l) Tá an-tábhacht ag baint le **hainmhithe** agus le **plandaí** agus is acmhainn luachmhar iad ina lán réimsí saoil.

**Ainmnigh** ainmhí amháin ó ghnáthóg a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. ________________

**Ainmnigh** planda amháin ó ghnáthóg a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. ________________

Ainmnigh slí amháin a bhféadann ainmhithe a bheith **tábhachtach** do dhaoine.

______________________________________________________________________

Ainmnigh slí amháin a bhféadann plandaí a bheith **tábhachtach** do dhaoine.

______________________________________________________________________

(m) Tá bia comhdhéanta de chúig chineál (chomhábhar) bia. Comhlánaigh an tábla thíos agus tabhair **foinse amháin** agus **feidhm amháin** ag na cineálacha bia sa liosta. Tá líne amháin comhlánaithe mar shampla duit.

| CINEÁL BIA | FOINSE | FEIDHM |
|---|---|---|
| **Carbaihiodráit** | **Arán** | **Tugann sé fuinneamh** |
| **Saill** | | |
| **Próitéin** | | |

(n) Cuirtear planda glas i solas geal ar feadh roinnt uaireanta an chloig.

**Ainmnigh** an chuid den phlanda is mó a dhéanann **bia**.

______________________________

Ainmnigh an **próiseas** trína ndéanann plandaí a mbia féin.

______________________________

Ainmnigh an **gás** a scaoiltear nuair a dhéanann plandaí bia.

______________________________

Ainmnigh an **ceimiceán** a úsáidtear sa tsaotharlann chun a thástáil an bhfuil bia (stáirse) déanta ag planda.

______________________________




(o) Is féidir le miocrorgánaigh mar **fhungais**, **baictéir** agus **víris** a bheith úsáideach agus díobhálach araon.

Luaigh slí amháin **ina bhfuil baictéir úsáideach** do dhaoine. ________________________

Luaigh slí amháin **ina bhfuil baictéir díobhálach** do dhaoine.________________________

Ainmnigh **víreas** amháin atá **díobhálach** do dhaoine. ________________________________

Ainmnigh **galar** amháin arb é **is cúis leis ná fungas**. ________________________________

**ROINN B – FISIC (72 MARC)**

**Tá TRÍ cheist sa Roinn seo. Freagair DHÁ cheist ar bith díobh.**

**Ceist 2**

(a) **Fórsa** idir dhá rud ag gluaiseacht thar a chéile is ea frithchuimilt.
Tabhair **dhá** shampla eile d'**fhórsaí**.


1 ________________________ 2 ________________________ (6)

Ainmnigh slí amháin inar féidir frithchuimilt idir dhá rud a **laghdú**.

________________________________________ (3)

Nuair atá gluaisteán á thiomáint, is féidir le frithchuimilt a bheith **úsáideach** nó **neamhúsáideach**. Tabhair sampla **amháin** d'ócáid a bhfuil frithchuimilt **úsáideach** agus gluaisteán á thiomáint. ________________________ (3)

(b) Gníomhaíonn an castaire sa léaráid mar **luamhán** chun **fórsa casaidh** a fheidhmiú ar an gcnó.
**Ainmnigh** sampla amháin eile de luamhán. ________________(3)





Má úsáidtear an fórsa céanna ag **A** agus **B**, cé acu ceann a thabharfaidh an **iarmhairt chasaidh** is mó? ________________ (3)

Líonadh gloine le huisce agus cuireadh píosa cairtchláir ar a bharr. Ansin casadh an ghloine uisce bunoscionn go cúramach mar a thaispeántar sa léaráid.

An dtiteann **an t-uisce** as an ngloine nuair a chastar bunoscionn é?

________________________ (3)




Cad a thaispeánann an **turgnamh** seo?

________________________________________ (3)

(c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun a **thaispeáint go bhforbraíonn solaid nuair a dhéantar iad a théamh**. (12)

________________________

________________________

________________________

________________________

________________________

________________________

________________________

________________________

Léaráid lipéadaithe

**Ceist 3**

(a) Roghnaigh an **focal** cuí ón liosta ar dheis chun gach ceann, faoi seach, de na habairtí thíos a chomhlánú.

| |
|---|
| **CILEAVATUAIR** |
| **VOLTAÍ** |
| **AMPÉAR** |
| **VATA** |


Is é aonad **an tsrutha leictrigh** ná an ____________________. (3)

**Soláthraíonn** an BSL leictreachas s.a. ag **230** ________________. (3)

An t-aonad **cumhachta** a bhíonn stampáilte ar **bholgán solais** ná an _________________________. (3)

An t-aonad leictreachais a úsáideann BSL le haghaidh **costála** ná an _________________. (3)

(b) Sa léaráid taispeántar ciorcad leictreach. Nuair a dhúntar an lasc gabhann **sruth leictreach tríd an gcorna sreinge** atá curtha in eascra uisce.



Cén **iarmhairt** ar an uisce atá ag an sruth leictreach atá ag gabháil tríd an gcorna? _______________________________ (3)

Cén **gléas** a d'fhéadfaí a úsáid chun an iarmhairt seo a thaispeáint?


_______________________________________________ (3)

Castar **tine leictreach** 3kW ar siúl ar feadh ceithre huaire.

Cé mhéad **aonad** (kWh) a úsáideann sé? ______________________ (3)

Má chosnaíonn gach aonad 10 cent, faigh **costas** an leictreachais a úsáideadh. ______ **cent** (3)

(c) Crochadh **barramhaighnéad** gan bhac mar a thaispeántar sa léaráid.



Cad a tharlaíonn má thugtar an **pol thuaidh** ar mhaighnéad eile cóngarach do **phol thuaidh** an mhaighnéid atá ar crochadh?

_______________________________________________ (3)

Cén fáth a n-úsáidtear **seastán adhmaid**?

_______________________________________________ (3)

Ainmnigh **gléas** a bhraitheann ar mhaighnéad crochta agus é ag ailíniú (ag dul ar aon líne) le réimse maighnéadach an Domhain?

_______________________________________________ (3)

Tabhair **gnáthúsáid laethúil** amháin eile a bhaintear as maighnéad.

_______________________________________________ (3)

## Ceist 4

(a) I ngach cás, faoi seach, meaitseáil an **focal** cuí ón liosta ar dheis leis na frásaí thíos.

| |
|---|
| **AN GHRIAN** |
| **GUAL** |
| **NÚICLÉACH** |
| **OBAIR** |


Is é **fuinneamh** ann ná an cumas chun ______________a dhéanamh. (3)

Foinse fuinnimh **inathnuaite** _________________________ (3)

Foinse fuinnimh **neamh-inathnuaite** ____________________ (3)

Fuinneamh as **núicléis** na n-adamh ____________________ (3)

(b) Sa léaráid taispeántar léas de sholas bán **á spré** trí phíosa trealaimh **X**, ag cruthú **banda dathanna** ar scáileán.




Cén **t-ainm** a thugtar ar an mbanda dathanna a dhéantar de bharr spré an tsolais bháin?


____________________________________________ (3)

Ainmnigh an píosa trealaimh **X**. ________________ (3)

Ainmnigh an **dath A**. _________________ (3)

Ainmnigh an **dath B**. _________________ (3)

(c) I **léaráid A**, taispeántar **ga solais** a bhuaileann dromchla agus a athphreabann.




**Léaráid A**

Cén **focal** a dhéanann cur síos ar athphreabadh an gha solais?

__________________________________________________ (3)

Úsáidtear an trealamh, a thaispeántar i **léaráid B**, i dturgnamh.




**Léaráid B**

Cad a d'fheicfeadh an duine nuair a chuirfí na trí chárta i bhfearas **mar a thaispeántar**?_______________________________ (3)

Cad a d'fheicfeadh an duine dá mbogfaí an **cárta láir** beagán?____________________________________ (3)

Cén t-eolas a thugann an turgnamh seo dúinn faoi **sholas**?

__________________________________________________ (3)

**ROINN C – CEIMIC (72 MARC)**
**Tá TRÍ cheist sa Roinn seo. Freagair DHÁ cheist ar bith díobh**.

**Ceist 5**


(a) Luaigh cé acu **solad**, **leacht** nó **gás** gach ceann de na substaintí thíos ag teocht an tseomra agus ag brú atmaisféarach.

Héiliam ____________________ (3)

Sulfar ____________________ (3)

Alcól ____________________ (3)

Mearcair ____________________ (3)



**Solad** **Leacht** **Gás**

(b) Is **comhdhúil** é uisce ina bhfuil dhá dhúil.

**Ainmnigh** an dá dhúil atá in uisce.


1 ______________________________ 2 ______________________________ (6)

Cén **teocht** ag a bhfiuchann uisce?

____________________ **°C** (3)

Sa léaráid taispeántar feithid bheag ar féidir léi siúl ar dhromchla uisce.
Cén **airí** d'uisce a ligeann don fheithid siúl ar a dhromchla?

______________________________ (3)



**An scátálaí linne**

(c) Tá **dhá** chineál cruas uisce ann, **neamhbhuan** agus **buan**.

Cé acu cineál cruais is féidir a bhaint as an uisce le **fiuchadh**? ____________________ (3)


Tabhair **buntáiste amháin** atá ag uisce crua.

______________________________________________________________________ (3)

Tabhair **míbhuntáiste amháin** atá ag uisce crua. ______________________________ (3)

Tástáladh dhá shampla 50 $cm^3$ d'uisce, **A** agus **B**, le tuaslagán gallúnaí chun a gcruas a chur i gcomparáid le chéile. Tomhaiseadh toirt an **tuaslagáin ghallúnaí** a bhí ag teastáil chun sobal a dhéanamh agus breacadh é sa tábla thíos.

| Sampla Uisce | Tuaslagán gallúnaí ($cm^3$) |
|---|---|
| **A** | 4 |
| **B** | 16 |



Cé acu sampla uisce, **A** nó **B**, a bhfuil an cruas is mó ann? __________________________ (3)

## Ceist 6

(a) Tá na hadaimh go léir déanta de cháithníní bídeacha. Meaitseáil gach ceann, faoi seach, de na **cáithníní** ón liosta ar dheis le ráiteas cuí thíos. (**Nóta**: úsáidtear focal amháin díobh faoi dhó)

| |
|---|
| **PRÓTÓIN** |
| **LEICTREOIN** |
| **NEODRÓIN** |

Suite **lasmuigh** den núicléas. __________________ (3)

Suite sa núicléas ach **gan lucht** ar bith acu. __________________ (3)

Suite sa núicléas ach **lucht** acu. __________________ (3)

Cailltear nó gnóthaítear na cáithníní seo nuair a dhéantar **iain** d'adaimh. ______________ (3)

(b) Úsáidtear **táscaire litmis** chun leacht a thástáil ag féachaint cé acu aigéad nó bun atá ann.

Cén dath a bhíonn ar litmeas in **aigéad**? ___________________________ (3)

Cén dath a bhíonn ar litmeas i **mbun**? ___________________________ (3)

**Ainmnigh** táscaire a d'fhéadfaí a úsáid chun an **pH** ag tuaslagán sa tsaotharlann a thomhas.

_____________________________________ (3)

Dá ndéanfaí an pH ag tuaslagán hiodrocsaíd sóidiam a thomhas, an mbeadh sé **níos ísle ná 7**,

**cothrom le 7** nó **níos airde ná 7**?__________________________________ (3)

(c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh saotharlainne chun **salann a dheighilt ó thuaslagán salainn agus uisce**. (12)

Léaráid lipéadaithe

____________________________________

____________________________________

____________________________________

____________________________________

____________________________________

____________________________________


____________________________________

____________________________________

Ceist 7

(a) Úsáidtear **triantán dóiteáin** chun na trí riachtanais (rudaí) atá ag teastáil ó dhóiteán chun go ndófadh sé, a thaispeáint.

**Ainmnigh** an **dá** riachtanas (rudaí atá ag teastáil) a léirítear ag **A** agus **B**.




1 ____________________ 2 _____________________ (6)

**Ainmnigh** an cineál múchtóir dóiteáin is féidir a úsáid chun dóiteáin **leictreacha** a mhúchadh. _____________________________ (3)

Tabhair **réamhchúram sábháilteachta** amháin is féidir a thógáil sa bhaile chun baol dóiteáin a sheachaint. ________________________________ (3)

(b) Tá pH níos lú ná 5 ag **báisteach aigéadach**.

Déantar báisteach aigéadach de na **gáis** a scaoiltear le linn breoslaí iontaise a bheith á ndó. Ainmnigh gás **amháin** díobh seo.

____________________________ (3)


Ainmnigh **breosla iontaise** a dtagann báisteach aigéadach uaidh nuair a dhóitear é.

____________________________________________ (3)

Tagann truailliú ón mbáisteach aigéadach. Tabhair **dhá** shampla den damáiste a dhéanann báisteach aigéadach don timpeallacht.

1 _____________________________ 2 ______________________________ (6)

(c) Sa léaráid taispeántar promhadán atá líonta le hoighear agus a fhágtar ina sheasamh ar bhinse sa tsaotharlann ar feadh 30 nóiméad. Comhdhlúthaíonn **uisce** ar an taobh amuigh den phromhadán.




**Ainmnigh** substaint a d'fhéadfá a úsáid chun a thaispeáint gur uisce atá sa leacht a dhéantar.

_________________________________ (3)

Luaigh **an t-athrú datha** a bhreathnaítear nuair a dhéantar an t-uisce a thástáil.

_________________________________ (3)

Cén **t-eolas** a thugann an turgnamh seo dúinn faoi aer?

__________________________________________________________________ (3)

Faightear gás **ocsaigine** san aer. Tabhair **úsáid** amháin a bhaintear as gás ocsaigine.

__________________________________________________________________ (3)

**ROINN D – BITHEOLAÍOCHT (72 MARC)**

**Tá TRÍ cheist sa Roinn seo. Freagair DHÁ cheist ar bith díobh.**


**Ceist 8**

(a) I léaráid **A**, taispeántar an **struchtúr** atá ag fiacail.

Ainmnigh cuid **X**. ________________________ (3)

Ainmnigh an **mianra** atá riachtanach d'fhiacla sláintiúla.

____________________________________ (3)



**Léaráid A**


I léaráid **B** taispeántar cíor **fhiacla** an duine.

**Ainmnigh** an cineál fiacla a bhfuil an lipéad **Y** air.

____________________________________ (3)

Tabhair **feidhm** amháin atá ag na fiacla **Y**.

____________________________________ (3)



**Léaráid B**

(b) Sa léaráid taispeántar **córas díleá** an duine.

Ainmnigh cuid **A** ________________________ (3)


Ainmnigh cuid **B** ________________________ (3)

Cén **fheidhm** atá ag **A**?

____________________________________ (3)

Ainmnigh cineál amháin **ceimiceáin** a bhriseann bia síos sa chóras díleá.

____________________________________ (3)




(c) Sa léaráid taispeántar **córas análaithe** an duine.

Ainmnigh cuid **A** ____________________________ (3)


Ainmnigh cuid **B** ____________________________ (3)

Cé acu cuid den chreatlach a thugann **cosaint** don chóras análaithe?

________________________________________ (3)

Cad é feidhm **na bhfáinní loingeáin**?


________________________________________ (3)




**ROINN D**

**Ceist 9**

(a) Sa léaráid taispeántar bláth, an chuid atáirgthe den phlanda.





Tugann an _____________ **cosaint** don bhláth sula n-osclaíonn sé. (3)

Táirgtear na **ubháin** sa ______________ . (3)

Scaoileann an ___________________ **pailin**. (3)

An chuid den bhláth a **mheallann** feithidí ná ______________________. (3)

(b) Is é atá san **fhótatrópacht** ná freagairt fáis ag plandaí.
Cuireadh an planda sa phróca bláthanna ar dheis in aice le fuinneog agus d'fhás sé i dtreo na fuinneoige mar a thaispeántar.




Cén fáth ar fhás an planda **i dtreo** na fuinneoige?

_________________________________________ (3)

Conas a chabhraíonn an **fhreagairt fáis** seo le plandaí?

_________________________________________ (3)

Cé acu **cuid** den phlanda a dhéanann an fhreagairt fáis?

_________________________________________ (3)

Déantar síológ nuair a **phéacann** síol. Ainmnigh **coinníoll** (rud) amháin atá riachtanach chun go bpéacfadh síol ar bith.__________________________ (3)

(c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun **sreabhadh an uisce aníos trí phlanda** a thaispeáint. (12)

_________________________________

_________________________________

_________________________________

_________________________________

_________________________________

_________________________________

_________________________________

_________________________________

Léaráid lipéadaithe

## Ceist 10

(a) Faightear **fuil** sa **chóras imshruthaithe**. I ngach cás, dean an **téarma cuí** ón liosta ar dheis a mheaitseáil le gach ceann, faoi seach, díobh seo a leanas.

| |
|---|
| **CROÍ** |
| **FUILEADÁIN** |
| **ÁBHAIR A IOMPAR** |
| **PLASMA** |

**Feidhm** na fola sa chorp ____________________ (3)

**Pumpálann** sé fuil timpeall an choirp ________________ (3)

Cuid **leachtach** na fola ______________________ (3)

**Sreabhann** fuil timpeall an choirp iontu seo _____________________________ (3)

(b) Is cuid den chóras imshruthaithe é an **croí**. Go minic tógtar **cuisle** duine chun **buille an chroí** a thomhas.

Ainmnigh **áit** mhaith sa chorp chun cuisle a fháil. _______________________________(3)

Ainmnigh toisc amháin a chuireann **méadú** ar bhuille an chroí.

_______________________________________________________________________ (3)


Conas a chabhraíonn an **aclaíocht** le galar croí a chosc?

_______________________________________________________________________ (3)

Tabhair sampla **amháin**, seachas aclaíocht, de shlí a bhféadann duine cabhrú leis/léi féin chun a croí/chroí a choimeád **sláintiúil**.

_______________________________________________________________________ (3)

(c) Sa léaráid taispeántar an **córas atáirgthe baineann**.




Ainmnigh cuid **A** _____________________ (3)

Ainmnigh cuid **B** _____________________ (3)

Tabhair **feidhm** amháin atá ag cuid **A**.

__________________________________________________________________ (3)

Cé acu cuid, **A**, **B**, nó **C**, a dtarlaíonn toirchiú ann de ghnáth?

__________________________ (3)

**ROINN D**

**ROINN E – EOLAÍOCHT FHEIDHMEACH (72 MARC)**

**Tá SÉ cheist sa Roinn seo. Freagair DHÁ cheist ar bith díobh**.

## Ceist 11 - Domhaneolaíocht

(a) Roghnaigh an **uimhir** chuí ón liosta ar dheis chun gach ceann, faoi seach, de na habairtí thíos a chomhlánú.

| |
|---|
| **24** |
| **365¼** |
| **28** |
| **366** |

**Casann an Domhan** ar a ais féin uair amháin gach ________ uaire. (3)

Is é an t-am a thógann sé ar an **ngealach** gluaiseacht mórthimpeall an **Domhain** ná ____________lá. (3)

Is é líon na laethanta **i mbliain bhisigh** ná ___________lá. (3)

Is é an t-am a thógann sé ar an **Domhan** gluaiseacht mórthimpeall na **Gréine** ná ______lá. (3)

(b) Úsáidtear gléasanna éagsúla i stáisiúin **taifeadta aimsire**.



**Ainmnigh** an gléas a thaispeántar sa léaráid. ____________________ (3)

Tabhair **úsáid amháin** a bhaintear as an ngléas seo. _________________ (3)

Ainmnigh gléas a úsáidtear chun **báisteach** a thomhas.___________________________ (3)

Is gléas é **baraiméadar** a úsáidtear chun __________________a thomhas. (3)

(c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun **tionchar na teochta ar ráta galaithe an uisce** a thaispeáint. (12)

_________________________________

_________________________________

_________________________________

_________________________________

_________________________________

_________________________________

_________________________________

_________________________________

Léaráid lipéadaithe

## Ceist 12 - Gairneoireacht

(a) Sa ghairneoireacht, úsáidtear **ithir** go coitianta agus **plandaí** á bhfás.

Ainmnigh **dhá** rud a sholáthraíonn an ithir do phlanda.

1 ______________________ 2 ______________________ (6)

Tabhair **dhá** bhuntáiste de **phéisteanna talún** a bheith in ithir.

1 ______________________ 2 ______________________ (6)

(b) Is féidir plandaí **a iomadú** ach **gearrthóga** a thógáil.
Ainmnigh planda **adhmadach** amháin ar féidir gearrthóga a thógáil uaidh.

______________________ (3)

Ainmnigh planda **neamhadhmadach** amháin ar féidir gearrthóga a thógáil uaidh.

______________________ (3)

Ainmnigh gníomh amháin a chabhraíonn le **feabhas** a chur ar **fhoirmiú fréamhacha** na ngearrthóg. ______________________ (3)

Tabhair toisc amháin atá tábhachtach **i bhfás** na ngearrthóg chun go rachaidís ar aghaidh chun plandaí nua a dhéanamh.

______________________ (3)

(c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun a thaispeáint **conas a thomhaisfeá cé mhéad uisce atá in ithir nó i múirín**. (12)

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

Léaráid lipéadaithe

## Ceist 13 - Eolaíocht na nÁbhar

(a) Déan gach ceann, faoi seach, de na **hábhair** ón liosta ar dheis a mheaitseáil leis an tsubstaint chuí thíos:

| |
|---|
| **PLAISTEACH** |
| **MIOTAL** |
| **ADHMAD** |
| **TEICSTÍL** |

Ór ______________________________ (3)


Cadás ______________________________ (3)

Mahagaine ______________________________ (3)

Peirspéacs ______________________________ (3)

(b) Taispeántar **siombailí lipéad cúraim** ar bhaill éadaigh chun eolas a thabhairt faoin gcúram is ceart a dhéanamh díobh.

(i) Cad is ciall leis **an tsiombail lipéad cúraim** a thaispeántar?



______________________________ (3)

(ii) Tarraing an **tsiombail** a mbeadh súil agat léi ar lipéad léine ar féidir í **a ní ag 40 °C**. (3)

(c) Freagair **CEANN AMHÁIN AR BITH** de na ceisteanna **A ( PLAISTIGH )**, **B ( TEICSTÍLÍ )**, **C ( MIOTAIL )**, **D (ADHMAD)**, atá ar an dá leathanach seo a leanas.

>>>>>>>>>>>>>>>>>

## A - PLAISTIGH

(i) Tabhair úsáid **amháin** a bhaintear as **polaitéin** sa bhaile. ______________________ (3)

(ii) **Déantar** an chuid is mó de na plaistigh as ______________________. (3)

(iii) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun **na hairíonna insliúcháin teasa ag dhá phlaisteach a chur i gcomparáid le chéile**. (12)

Léaráid lipéadaithe

## B - TEICSTÍLÍ

(i) Roghnaigh an **téarma** ceart ón liosta ar dheis chun gach ceann, faoi seach, de na habairtí thíos a chomhlánú.

| |
|---|
| **FÍODÓIREACHT** |
| **SNÍOMH** |

**Déantar snáth** as snáithíní le ______________________. (3)

Is féidir **fabraicí a dhéanamh** as snáth le ______________________. (3)

(ii) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun **ionsúiteacht dhá theicstíl a chur i gcomparáid le chéile**. (12)

Léaráid lipéadaithe

## C - MIOTAIL

(i) Ainmnigh miotal **amháin a ndéantar mianadóireacht air in Éirinn**. _______________ (3)

(ii) Ainmnigh miotal **amháin** a fhaightear mar **mhianach**. ____________________________ (3)

(iii) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun **cruas dhá mhiotal a chur i gcomparáid le chéile**. (12)

Léaráid lipéadaithe

## D - ADHMAD

(i) Ainmnigh crann **crua-adhmaid** a fhástar in Éirinn. ____________________________ (3)

(ii) Tabhair **úsáid** amháin a bhaintear as an gcrua-adhmad atá ainmnithe agat.

_____________________________________ (3)

(iii) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun **frithlúbthacht dhá adhmad dhifriúla a chur i gcomparáid le chéile**. (12)

Léaráid lipéadaithe

## Ceist 14 - Bia

(a) Déan an **bia** cuí ón liosta ar dheis a mheaitseáil le gach ceann, faoi seach, de na modhanna úrchaomhnaithe thíos.

| |
|---|
| **FEOIL** |
| **BAINNE** |
| **CAIFE** |
| **IASC** |

Díhiodráitiú ____________________ (3)

Paistéaradh ____________________ (3)

Sailleadh ____________________ (3)

Deatú ____________________ (3)

(b) Tá **aiste bia chothromaithe** tábhachtach maidir le nós maireachtála sláintiúil.

Cén fáth a bhfuil **vitimíní agus mianraí** tábhachtach mar chuid d'aiste bia chothromaithe?

____________________ (3)

Cén fáth a bhfuil **snáithín** tábhachtach in aiste bia chothromaithe?

____________________ (3)

Le linn tástála le haghaidh láithreacht cineál áirithe bia, cruthaítear **geirspota tréshoilseach**.

**Ainmnigh** an cineál bia seo. ____________________ (3)

Ainmnigh an **ceimiceán** a úsáidtear chun tástáil le haghaidh **siúcra dí-ocsaídiúcháin** (e.g. glúcós) i sampla bia. ____________________ (3)

(c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh saotharlainne chun **im a dhéanamh**. (12)

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________


____________________


____________________

Léaráid lipéadaithe

## Ceist 15 - Leictreonaic


(a) Déan an **comhbhall leictreach** cuí ón liosta ar dheis a mheaitseáil le gach ceann, faoi seach, de na siombailí seo a leanas.

 ______________________________ (3)




______________________________ (3)

 ______________________________ (3)

 ______________________________ (3)

| |
|---|
| **FRIOTÓIR ATHRAITHEACH** |
| **DSA (LED *i mBéarla*)** |
| **AIMPMHÉADAR** |
| **DÉ-ÓID** |

(b) Sa léaráid taispeántar **FSS (LDR *i mBéarla*).**



Is é atá in FSS ná Friotóir Solas-__________________. (3)

**Méadaíonn** friotaíocht an FSS i solas

________________________________. (3)

**Laghdaíonn** friotaíocht an FSS i solas

________________________________. (3)

Tabhair **gnáthúsáid laethúil** amháin a bhaintear as FSS.

______________________________________________ (3)

(c) Tarraing léaráid chiorcaid chun a thaispeáint **conas is féidir gile bolgáin a smachtú le friotóir athraitheach**. (12)

Léaráid chiorcaid

## Ceist 16 - Tiontuithe Fuinnimh

(a) I ngach cás, déan **athrú fuinnimh** cuí ón liosta sa bhosca a mheaitseáil lena bhfuil ag tarlú i gach ceann, faoi seach, díobh seo a leanas thíos.

| |
|---|
| **LEICTREACH GO TEAS** |
| **CINÉITEACH GO FUAIM** |
| **CEIMICEACH GO TEAS** |
| **CEIMICEACH GO SOLAS** |


Coinneal **ag dó** ______________________ (3)

Sreang ghiotáir á **piocadh** ______________________ (3)

Solas tóirse **ceallra ag lonrú** ______________________ (3)

Citeal **leictreach ag fiuchadh uisce** ______________________ (3)

(b) Sa léaráid taispeántar na codanna de **leictreamaighnéad** simplí.




Cén **miotal** a úsáidtear chun an croíleacán a dhéanamh?

______________________ (3)

Cad a tharlaíonn don **tairne** nuair a dhúntar an lasc?

______________________ (3)

Luaigh **athrú fuinnimh** amháin a tharlaíonn sa chiorcad nuair a dhúntar an lasc.

______________________ (3)

Tabhair gnáthúsáid laethúil **amháin** a bhaintear as leictreamaighnéad. ______________________ (3)

(c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh saotharlainne chun **a thaispeáint gur féidir fuinneamh a scaoileadh ó bhia** e.g. piseanna talún. (12)

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

Léaráid lipéadaithe

**ROINN E**

**SPÁS BREISE**

Léirigh **go soiléir** uimhir na ceiste (na gceisteanna) atá á (bh)freagairt agat.

**SPÁS BREISE**

Léirigh **go soiléir** uimhir na ceiste (na gceisteanna) atá á (bh)freagairt agat.